II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2020/1832 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2020

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle (AE) 2020/1111 ([2]), síníodh ar 14 Meán Fómhair 2020 an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar maidir le tásca geografach agus maidir lena gcosaint ("an Comhaontú"), faoi réir é a thabhairt i gcrích níos faide anonn,

(2) Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú an leibhéal cosanta is airde le haghaidh tásca geografacha a bhaint amach agus ionstraimí a sholáthar chun cur in aghaidh cleachtais mheabhlacha agus úsáid éagórach na dtásc geografach.

(3) Le hAirteagal 10 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá freagrach as na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú,

(4) Is iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 218(7) den Chonradh, formheas a dhéanamh, thar ceann an Aontais, laistigh den Chomhchoiste, ar mhodhnuithe ar Iarscríbhinní I agus III go VI den Chomhaontú.

(5) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint a fhormheas thar ceann an Aontais. ([3])

([1]) Toiliú an 11 Samhain 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/1111 ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus maidir lena gcosaint (IO L 244, 29.7.2020, lch. 8).

([3]) Ní ann do théacs an Chomhaontaithe seo sa Ghaeilge.

Airteagal 2

1. Chun críocha leasú a dhéanamh ar na tagairtí don dlí is infheidhme maidir leis na Páirtithe, tá an Coimisiún údaraithe le modhnuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

2. Chun críocha Airteagal 3 den Chomhaontú, tá an Coimisiún údaraithe le modhnuithe ar Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais, chomh maith leis na modhnuithe comhfhreagacha ar Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an gComhaontú. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhréiteach tar éis agóidí a fháil a bhaineann le tásc geografach, glacfaidh an Coimisiún seasamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

Airteagal 3

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Chomhaontú thar ceann an Aontais. ([5])

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a nglacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus le haghaidh bia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

([5]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.